DEARBHÚ EARRAÍ AMHÁIN

RF111A

De réir Alt 3 de na Rialacháin um Fheithiclí Bóthair (Clárú agus Ceadúnú) (Leasú) 1992, ní mór don údarás ceadúnaithe a bheith sásta gur gearradh an cháin cheart ar fheithicil. I dtaca leis seo, d'fhonn cáin a ghearradh ag an ráta a bhaineann le feithicil earraí, ní mór do ghach iarratasóir a dhearbhú go bhfuil said cláraithe mar ghnó do chúrsaí cánacha leis na Coimisinéirí Ioncaim trí an Chláruimhir aitheantais a bhfuair said ó na Coimisinéirí a chur ar fail. Tabhair faoi ndeara le do thoil go bhfuil na sonraí seo faoi rún daingean agus go n-úsáidfear iad amháin chun teidlíocht cáin a ghearradh ar fheithicil mar fheithicil earraí a dhearbhú. D'fhéadfaí go ndéanfadh an Oifig Mótarchánach iarratas ar fhianaise dhoiciméadach.

Tá an fhianaise dhoiciméadach, atá sonraithe ar chúl an leathnaigh seo, le cur isteach chun go mbeidh tú incháillithe don Ráta Earraí Mótarchánach.

Dearbhaím gur mar fheithicil iompair earraí amháin I dtaca le mo ghnó/le mo cheird a úsáidfear and fheithicil darb uimhir chlárúcháin ☐☐☐☐☐☐☐☐ agus **nach mbainfear úsáid shóisialta, tís ná phléisiúir aisti am ar bith.**

Dearbhaím go bhfuil mo ghnó cláraithe leis na Coimisinéirí Ioncaim do chúrsaí cánacha.
Is é mo úimhir Chláraithe Cánach Ioncaim

Is é cineál mo ghnó/mo cheirde

Síniú Dáta

Líon an t-iarrthóir an dearbhú lastuas I mo láthair:

Síniú an Gharda

Dáta

Stampa Stáisiún an Gharda

Eolas maidir le Cáin a Chur ar Fheithicil Earraí den Chéad Uair

Le go mbeidh tú incháilithe don Ráta Earraí Mótarchánach, ní mór do Chomhairle Chontae na Gaillimhe a bheith sásta le do dhearbhú **"nach mbainfear úsáid as m'fheithicil ach mar fheithicil a n-iomprófar earraí inti, agus sin amháin, le linn mo chuid trádála nó gnó".** Dá bhrí sin, ní mór na cáipéisí seo a leanas a chur isteach:

1. Foirm Dhearbhúcháin Chomhlánaithe RF111A maidir le hEarraí Amháin:

Caithfidh an fhoirm seo a bheith stampáilte agus fianaithe i Stáisiún Gardaí agus an cineál trádála nó gnó a mbíonn tú ina bhun a dhearbhú.

2. Fianaise ar do Thrádáil nó do Ghnó

a) Más feirmeoir tú:

I. Cuir isteach aon litir nó aon doiciméad atá faighte agat ón Roinn Talmhaíochta *le bliain anuas*, ag taispeáint go soiléir Uimhir do Thréada agus gur tusa úinéir an tréada.

Tabhair ar aird: Caithfidh daoine a chuireann in iúl gur trádáil nó gnó eile a bhaineann le hainmhithe nó le héanlaith chlóis atá acu a chruthú gur gníomhaíocht gnó a leithéid seachas caitheamh aimsire. Mar sin, beidh feidhm ag riachtanais b) thíos.

b) Má tá tú féinfhostaithe ar bhealach eile, nó más Trádálaí Aonair nó Cuideachta tú:

I. Cuir isteach aon litir nó doiciméad atá faighte agat ó na Coimisinéirí Ioncaim le bliain anuas a thaispeánann go soiléir go bhfuil do thrádáil nó do ghnó cláraithe chun críocha cánach, i.e.
   - ***Gnónna nach bhfuil tuairisceáin curtha ar aghaidh fós chuig na Coimisinéirí Ioncaim***;- cuir isteach fógra maidir le clárú le haghaidh Cánach Ioncaim nó CBL
   - ***Maidir le gach gnó leanúnach eile***;- cuir isteach comhfhreagras maidir le do thuairisceáin Fhéinmheasúnaithe nó CBL

nó

II. Má tá d'fheithicil cláraithe faoi Ainm do Chuideachta Teoranta, féadfaidh tú cóip chlóite de do Dheimhniú Imréitigh Chánach leictreonach don Chuideachta a chur isteach.

c) Más fostaí thú:

I. Cuir isteach duillín pá dar dáta laistigh den 6 seachtaine deiridh, a léiríonn d'ainm, d'Uimhir PSP agus ainm d'fhostóra

agus

II. Litir reatha ó d'fhostóir, ar pháipéar sainchlóite, ag deimhniú:
   - An cineál trádála nó gnó a bhfuil siad ina bhun agus na hearraí a bhíonn tú a iompar;
   - gur gá duit d'fheithicil a úsáid (bíodh uimhir do phláta sa litir) chun na hearraí seo a iompar le linn do chuid fostaíochta.

3. Riachtanais Eile

Má tá cáin á cúr ar d'fheithicil den chéad uair in Éirinn tar éis í a iompórtáil isteach sa tír seo, caithfidh tú duillín meáchain ó dhroichead meáchain údaraithe a chur isteach. Má tá d'fheithicil níos mó ná 1 bhliain d'aois, caithfidh Deimhniú Ródacmhainneachta a bheith i bhfeidhm (ní gá duit cóip de a chur isteach chugainn).

Tabhair do d'aire mura bhfuil tú in ann na riachtanais thuas a chomhlíonadh maidir le cáin a chur ar fheithicil ar ráta earraí, is gá cáin a ghearradh ar an bhfeithicil ar ráta príobháideach (is de réir cheintiméadair chiúbacha na feithicle a bheidh an ráta sin).